# GAIRM AR PHÁIPÉIR

Comhdháil Bhliantúil Idirdhisciplíneach ar Éirinn na dTúdarach is na Stíobhartach
21ú-22ú Lúnasa 2025 – Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
Suíomh Idirlín: www.tudorstuartireland.com ♦ Twitter: @tudarstuartire
Rphost: 2025@tudorstuartireland.com

**Aoichainteoirí:**
An Dr. Eamonn Ó Ciardha (Ollscoil Uladh) & TBC

---

Cuirtear fáilte roimh achoimrí do pháipéir aonair (20 nm.) mar aon le hachoimrí do phainéil ar ghné ar bith de shaol na hÉireann nó de shaol na nÉireannach thar lear le linn na tréimhse Túdaraí nó Stíobhartaí. Mar shampla:

- ♦ Éire Ghaelach agus an Ghaeilge
- ♦ Inscne agus sochaí
- ♦ Filíocht, téatar, litríocht, amhránaíocht
- ♦ Éire i gcomhthéacs comparáideach/Eorpach
- ♦ Scaipeadh téacsanna clasaiceacha nó meánaoiseacha
- ♦ Stair pholaitiúil, mhíleata, agus eacnamaíoch
- ♦ Seandálaíocht agus ailtireacht
- ♦ Stair an chreidimh in Éirinn
- ♦ Scríobh agus athscríobh na staire
- ♦ Litríocht agus stair na timpeallachta
- ♦ Cartlanna agus taifid – léargais nua
- ♦ Cultúr an chló agus na lámhscríbhinní
- ♦ Parlaimintí, parlaiminteoirí, agus an dlí
- ♦ Imirce agus na hÉireannaigh ar an choigríoch
- ♦ Na daonnachtaí digiteacha agus modheolaíochtaí

Cuirtear fáilte speisialta roimh scoláire ar bith ag staid ar bith ina g(h)airm sna goirt seo a leanas: Léann an Bhéarla, Léann na Gaeilge, Stair, Seandálaíocht, Stair na hEalaíne, Diagacht, Fealsúnacht, Ceol, na Daonnachtaí Digiteacha, agus Léann na hÉireann. Cuirtear fáilte ar leith roimh achoimrí do phainéil i nGaeilge.

**Is féidir achoimrí 250 focal a chur isteach chuig: 2025@tudorstuartireland.com**
**Faoin Aoine an 23ú Bealtaine 2025**

---

Tacaíonn Roinn na Staire, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Fondúireacht Mhíchíl Uí Chléirigh go fial leis an 13ú Comhdháil ar Léann na hÉireann Túdaraí agus Stíobhartaí.

Mícheál Ó Cléirigh Institute
Fondúireacht Mhíchíl Uí Chléirigh